An Coimisiún Eorpach

# AN TSEACHTAIN EORPACH UM SCILEANNA GAIRME

**2019** Foireann uirlisí meán sóisialta

#DiscoverYourTalent

*Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú*

# Eolas faoin bhfoireann uirlisí meán sóisialta

Soláthraítear san fhoireann uirlisí seo acmhainní agus treoir chun tacú le páirtithe leasmhara agus le comhpháirtithe an tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme 2019 agus **na buntáistí a bhaineann le gairmoideachas agus gairmoiliúint** (VET) ar fud na hEorpa a chur chun cinn ar na meáin shóisialta. Is féidir leat a bheith páirteach ann trí na meáin shóisialta a úsáid ar na bealaí seo a leanas:

- **Roinn ábhair an fheachtais.**
- **Lean ardáin an fheachtais,** roinn inneachar agus úsáid haischlibeanna an fheachtais atá liostaithe sa doiciméad seo.
- **Scaip an scéal ag imeachtaí**, lena n-áirítear beotvuíteáil.

Lean ar aghaidh ag léamh más spéis leat noda agus comhairle maidir le hinneachar a fhoilsiú ar ardáin meán sóisialta cosúil le Facebook agus Twitter, lena n-áirítear postálacha agus naisc réamhdhéanta le hacmhainní feachtais ar féidir leat iad a úsáid.

# Eolas faoi fheachtas na Seachtaine Eorpaí um Scileanna Gairme

Is tionscnamh é an tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme atá á reáchtáil ag an gCoimisiún Eorpach chun aird a tharraingt ar ghairmoideachas agus gairmoiliúint (VET) agus chun cur lena mhealltacht. **Is é atá mar aidhm leis an tSeachtain VET a chur chun cinn mar rogha mhealltach, agus cabhrú le daoine óga agus le haosaigh barr a gcumais a bhaint amach.** Tabharfaidh imeachtaí atá á reáchtáil ar fud na hEorpa – go háitiúil, go réigiúnach agus go náisiúnta – léargas ar na deiseanna iontacha atá á dtairiscint ag VET do dhaoine óga, d’aosaigh agus do chuideachtaí.

Reáchtálfar an ceathrú heagrán den tSeachtain ón 14 go dtí an 18 Deireadh Fómhair 2019 in Heilsincí. **Is féidir imeachtaí agus gníomhaíochtaí atá eagraithe idir Aibreán agus Nollaig 2019 i mBallstáit an AE, LEE agus tíortha is iarrthóirí AE a nascadh leis an tSeachtain** – chun aitheantas agus infheictheacht na heagraíochta a spreagadh.

**Is é mana an tionscnaimh ‘Aimsigh do Thallann!’** Tá sé mar aidhm leis an tionscnamh a thaispeáint go bhfuil tallann ag gach duine agus gur féidir le VET na scileanna praiticiúla, an t-eolas agus na hinniúlachtaí riachtanacha a chur ar fáil lena chinntiú go n-éireoidh le daoine sa mhargadh saothair agus sa tsochaí trí chéile. **Beidh téama na bliana seo ‘VET do CHÁCH – Scileanna don Saol’** agus imeachtaí na Seachtaine ag díriú ar ghnéithe ionchuimsitheacha agus ar feadh an tsaoil VET.

# Haischlibeanna an fheachtais

Seo a leanas na príomh-haischlibeanna atá in úsáid faoi mhana an fheachtais, 'Aimsigh do Thallann!':

- **#EUVocationalSkills:** atá le húsáid le hinneachar atá dírithe ar pháirtithe leasmhara agus éascaitheoirí
- **#DiscoverYourTalent:** atá le húsáid le hinneachar ginearálta atá dírithe ar spriocphobal meáin níos ginearálta

Úsáid na haischlibeanna seo in aon inneachar ábhartha a chuireann tú i dtoll a chéile, mar go dtabharfaidh sé deis don Choimisiún Eorpach agus don phobal páirtithe leasmhara trí chéile idirghníomhú le d'inneachar agus a infheictheacht a spreagadh.

# Conas a bheith rannpháirteach sa tSeachtain trí na meáin shóisialta

## 1. Lean muid

**Lean cainéil oifigiúla an Choimisiúin Eorpaigh ar na meáin shóisialta** lena chinntiú go mbeidh an nuacht is déanaí agat, mar aon leis an eolas is déanaí faoi imeachtaí agus faoi phlé a bhaineann leis an tSeachtain.

| | |
|---|---|
| **Twitter** | @EU_Social @EuropeanYouthEU |
| **Facebook** | @SocialEurope @EuropeanYouthEU |
| **Linkedin** | linkedin.com/company/european-commission |
| **Instagram** | @europeancommission |

## 2. Roinn ábhair an fheachtais

Tá raon **acmhainní feachtais curtha i dtoll a chéile againn don tSeachtain,** lena n-áirítear foirne uirlisí, cás-staidéir, sonraí maidir le himeachtaí atá le reáchtáil amach anseo, amharcíomhánna branda agus tuilleadh. Roinnfidh an Coimisiún Eorpach iad seo i dteannta leis an inneachar rialta faoin tSeachtain agus féadfaidh tusa an rud céanna a dhéanamh.

## 3. Cruthaigh d'inneachar féin

Tá an t-inneachar is fearr uathúil agus saincheaptha duitse agus do d'eagraíocht. **Is bealach éifeachtach é d'inneachar féin a chruthú chun do chuid oibre féin a chur chun cinn, mar aon feasacht a mhúscailt faoi tSeachtain agus teagmháil a dhéanamh le grúpaí páirtithe leasmhara**. Cabhróidh sé seo chun aird a tharraingt ar na himeachtaí éagsúla atá á reáchtáil agus spreagfaidh sé daoine eile chun páirt a ghlacadh iontu.

Trí úsáid chomhsheasmhach a bhaint as na haischlibeanna oifigiúla i d'inneachar scríofa agus amhairc, cabhróidh tú le hinchuardaitheacht agus tionchar do phostálacha a fheabhsú.

Bealach maith chun rannpháirtíocht an spriocphobail meáin a mhéadú i rith na seachtaine é emoji, scagairí agus beophictiúir ó imeachtaí ábhartha a chur san áireamh. Ná déan dearmad a chinntiú **go n-oireann d'inneachar don suíomh** agus faigh cead ó dhaoine roimh iad a chur san áireamh i ngrianghraif agus inneachar.

## 4. Úsáid amharcíomhánna

**D'fhéadfadh íomhánna, físeáin agus GIFanna éifeachtúlacht d'inneachair a fheabhsú trína chinntiú go bhfuil seans níos fearr ann go bhfaighidh do spriocphobal meáin do theachtaireacht.** Trína chinntiú go bhfuil d'inneachar níos sofheicthe, is féidir an seans atá ann go dtosóidh do spriocphobal meáin ag idirghníomhú le do phostálacha nó le haon treoir chun gnímh (cliceáil anseo/cláraigh, etc.) a fheabhsú.

Tá an-tóir ar GIFanna i láthair na huaire mar bheochan ghairid, a mhúsclaíonn spéis, a sheinneann go huathoibríoch de ghnáth ar fhotha duine lena chinntiú go dtarraingítear aird uirthi. **Tá roinnt uirlisí simplí ar líne ar féidir leat iad a úsáid chun GIFanna a chruthú,** cosúil le Tenor nó EZGif. Giphy, ag a bhfuil ceann de na bailiúcháin is mó GIFanna ar líne. Nó, féadfaidh tú GIFanna réamhdhéanta a úsáid. Tá roghanna cuardaigh ionsuite GIF ar fhormhór na gcainéal meán sóisialta, lena n-áirítear Facebook agus Twitter, nó is féidir leat GIFanna a fháil chun iad a roinnt nó a íoslódáil ó Íomhánna Google (tá rogha ann GIFanna a scagadh in ionad íomhánna, ach seiceáil na ceadanna comhroinnte a bhaineann leis seo).

Is bealach maith chun imeachtaí a chur chun cinn é píosaí scannánaíochta ó d'imeacht, an tSeachtain agus VET a phostáil, athrú deas ó íomhánna statacha a úsáid. **Úsáid d'fhón cliste chun píosaí scannánaíochta a thaifeadadh agus a uaslódáil** chuig do rogha cainéal méan sóisialta. Is smaoineamh maith é roinnt seiceálacha a dhéanamh sula dtosaíonn tú ag scannánaíocht – an bhfuil an soilsiú sách maith, mar shampla? – d'fhonn a chinntiú go bhfuil an píosa scannánaíochta a dhéanann tú ar ardchaighdeán.

## 5. Bí beo

I ré seo an inneachair mheandraigh, **is bealaí maithe iad Snapchat, Instagram Stories agus Facebook Live chun dul i bhfeidhm ar na spriocphobail mheáin is tábhachtaí.** Trí Facebook agus Instagram Live a chomhtháthú i do straitéis inneachair, soláthróidh tú foinse uathúil, fhíor-ama inneachair do d'amharcóirí.

Moltar go ndéanann tú d’inneachar beo a phleanáil mar a dhéanfadh tú aon rud eile a phleanáil. Cé go mbaineann an buntáiste le beoshruthú go soláthraíonn sé inneachar barántúil, nach bhfuil curtha in eagar nó scagtha, **tá gá fós le plean gníomhaíochta chun a éifeachtúlacht a uasmhéadú.**

## Postálacha samplacha

Seo roinnt samplaí d’inneachar do mheáin shóisialta ar féidir leat iad a **roinnt ar do chainéil féin** chun cabhrú leis an tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme a chur chun cinn mar aon le haon ghníomhaíochtaí ábhartha a d’fhéadfadh baint a bheith agat leo.

📅 Tá imeacht á reáchtáil againn le haghaidh na Seachtaine Eorpaí um Scileanna Gairme 2019! Faigh eolas faoi na himeachtaí agus gníomhaíochtaí ábhartha foghlama aosaigh in [DO THÍR] anseo:https://ec.europa.eu/social/vocational-skills-week/your-country_en #EUVocationalSkills #DiscoverYourTalent #AdultLearning

Féadfaidh TÚ eagraíochtaí eile agus foghlaimeoirí fásta a spreagadh trí do scéal a roinnt mar chuid den tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme! 💡 Cuir do scéal ar fáil anseo ➡ https://ec.europa.eu/social/vocational-skills-week/share-your-story_en #EUVocationalSkills #DiscoverYourTalent

Ar mhaith leat dul chun cinn a dhéanamh i do shaol gairmiúil? 💪 #️⃣Tabhair do thallann chun solais le hoiliúint ghairmoideachais d’fhoghlaimeoirí fásta agus d’fhágálaithe scoile. Is bealach iontach é VET chun conairí gairme a athrú, uas-sciliú, athsciliú nó an chéad chéim eile a thógáil. Tá tuilleadh eolais le fáil anseo ▶ https://ec.europa.eu/social/vocational-skills-week/ #️⃣EUVocationalSkills #DiscoverYourTalent

An bhfuil tú ag iarraidh a bheith páirteach i Seachtain Eorpach um Scileanna Gairme 2019❔ Glac páirt ann trí vóta a chaitheamh inár nGradaim do Bharr Feabhais VET 2019, do scéal VET a roinnt, nó freastal ar aon cheann de na himeachtaí atá ag tarlú ar fud na hEorpa i rith na bliana.🔄 https://ec.europa.eu/social/vocational-skills-week/ #EUVocationalSkills

**Noda d’inneachar:**

- Cuir **nasc le suíomh gréasáin**, san áireamh, cosúil le leathanach na Seachtaine Eorpaí um Scileanna Gairme, chun tuilleadh eolais a chur ar fáil do dhaoine ar spéis leo imeachtaí na seachtaine
- **Clibeáil cuntais ábhartha eile Twitter** i bpostálacha trí ‘@’ a úsáid agus ansin ainm an chuntais a chlóscríobh. Cinntíonn sé seo go bhfeiceann siad d’inneachar, a spreagann iad chun idirghníomhú leis agus tarraingíonn sé aird a spriocphobal meáin féin air.
- **Pionnáil tvuíteanna** ar bharr d’fhotha d’fhonn infheictheacht leanúnach a chinntiú.
- Freagair do, nó **idirghníomhaigh le hinneachar eile** a úsáideann haischlibeanna an fheachtais #DiscoverYourTalent agus/nó #EUVocationalSkills.
- **Freagair tuairimí** nó freagraí ar d’inneachar.
- **Úsáid uirlis sceidealaithe uathoibrithe** cosúil le TweetDeck nó Hootsuite, chun inneachar sóisialta a phleanáil roimh ré d’fhonn a chinntiú go gcuirtear an feachtas chun cinn go rialta.
- **Óstáil gníomhaíochtaí beo** trí Facebook, Twitter nó YouTube. D’fhéadfadh gur bealach éifeachtach é seo chun cumarsáid a dhéanamh le do spriocphobal meáin i bhfíor-am, gan gá a bheith le híoc as an gcostas a bhaineann le himeacht fisiciúil a eagrú.

# Dea-chleachtas meán sóisialta

## 1. Nuashonraigh do phróifíl

Bealach iontach é chun do thacaíocht don tSeachtain a léiriú é **abairt ghearr a áireamh i do phróifílí Facebook, Twitter agus Instagram chun aird a tharraingt ar do rannphairtíocht.** Chomh maith leis sin, is féidir leat do ghrianghraf próifíle a athrú chun do thacaíocht a léiriú. Anseo thíos is féidir leat dhá shampla ón tSeachtain a reáchtáladh anuraidh a fheiceáil. Ar chlé tá oibrí carthanachta ó Mhálta, agus ar dheis, tá fiontraí as Éirinn. Léirítear sa dá ghrianghraf an cur chuige difriúil atá acu lena stádas mar Ambasadóir na Seachtaine Eorpaí um Scileanna Gairme a léiriú, ceann ag díriú go hiomlán ar an tseachtain, agus ceann taobh lena gnáthbheathaisnéis.

Sampla:







## 2. Postáil ag amanna maithe

Tá eolas maidir leis na hamanna is fearr chun postálacha a dhéanamh ar na cainéil mheáin le fáil thíos:

**Facebook:**
Idir 12:00 agus 15:00, Dé Luain, Dé Céadaoin, Déardaoin, agus Dé hAoine.

**Instagram:**
Idir 14:00 agus 15:00, Dé Luain go dtí Dé hAoine.

**Twitter:**
Idir 12:00 agus 15:00, Luan go hAoine.

**LinkedIn:**
7:45, 10:45, 12:45, agus 17:45, Dé Luain go dtí Déardaoin.

## 3. Conas dul i bhfeidhm go héifeachtach ar dhaoine eile

Ceann de na buntáistí is mó a bhaineann leis na meáin shóisialta is ea go dtugar deis do do spriocphobal meáin idirghníomhú leat, agus go dtugtar deis duitse idirghníomhú leo. Seo a leanas roinnt nod chun an méid tairbhe agus is féidir a bhaint as seo:

## Noda maidir le rannpháirtíocht:

- **Clibeáil i gcónaí nuair is cuí.** Nuair a bhíonn tagairt á déanamh agat do chuideachta nó d'eagraíocht ar leith, seiceáil an bhfuil siad ar na meáin shóisialta agus clibeáil iad. Ciallaíonn sé seo gur féidir leo d'inneachar a fheiceáil agus rogha a dhéanamh é a roinnt nó a fhreagairt. Ar an tslí seo, beidh do theachtaireacht le feiceáil ag a spriocphobal meáin féin agus ag do spriocphobal meáin chomh maith.
- **Úsáid haischlibeanna ábhartha.** Cinntigh go bhfeictear d'inneachar ag na nóiméid is tábhachtaí agus cuir haischlibeanna a bhfuil tóir orthu/atá ag treochtáil atá ábhartha duit san áireamh.
- **Freagair ceisteanna go tapa.** Tá sé fíorthábhachtach aon tuairimí agus teachtaireachtaí a fhreagairt go tapa. Má fhreagraíonn tú laistigh de 24 uair an chloig tá tú ag tabhairt le fios go bhfuil tú i láthair agus in ann ceisteanna a fhreagairt (e.g. ceisteanna faoi imeachtaí sonracha).
- **Léirigh do thuairim agus roinn/atvuíteáil inneachar ó do phobal.** Bain tairbhe as tagairtí nó nótaí tráchta ar d'fhotha. Is deiseanna iontacha iad seo duitse chun idirghníomhú le daoine agus caidrimh a bhunú a bhféadfaí iad a fhorbairt amach anseo.
- **Cuir tús le plé.** Tá rogha ar Twitter, Facebook agus Instagram do vótáil féin a chruthú. D'fhéadfá ceist a chur ar do phobal chun rannpháirtíocht a mhéadú agus na torthaí a úsáid chun eolas a roinnt leo nó treoir chun gnímh a chur ar fáil.

Seo a leanas roinnt samplaí de cheisteanna vótála, e.g. chun tús a chur le plé:

**INSTAGRAM**

Ceist: Céard é an chonair is fearr do ghairm san innealtóireacht?

Freagraí:

A = Céim acadúil

B = Printíseacht

**TWITTER**


Ceist: Dá mbeifeá in ann tús a chur le gairm nua in aon ghairmábhar, cén ceann a roghnófá?

Freagraí:

1. Saineolaí ríomhaireachta
2. Sláinteolaí Fiacla
3. Pluiméir

## Samplaí de vótálacha sóisialta






## Líonra le piaraí

Má tá imeacht nó gníomhaíocht VET á clárú agat mar chuid den tSeachtain, tabharfar cuireadh duit a bheith páirteach i ngrúpa eisiach Facebook, áit a mbeidh deis agat **dea-chleachtais a roinnt le gairmithe VET eile** in eagraíochtaí difriúla ar fud na hEorpa. Is deis iontach é seo do thionscadail rathúla a cheiliúradh nó tacaíocht agus comhairle a fháil. Chomh maith leis sin, roinnfear inneachar meáin agus ábhair ó imeachtaí, cosúil le grianghraif, achoimrí agus láithreoireachtaí, ar an gcainéal seo.

## Roinn do scéal

Bealach iontach chun na buntáistí a bhaineann le scéimeanna oiliúna VET é **d'eispéireas VET féin a roinnt** agus daoine i do líonra a spreagadh chun a scéalta féin a roinnt chomh maith. Is cuma má tá oiliúint VET curtha orthu féin, nó má tá oiliúint VET á cur ar fáil acu, is fiú i gcónaí cuntas pearsanta maidir leis an eispéireas a chloisteáil. Is féidir leo é seo a dhéanamh trína scéal a chur ar fáil, i mBéarla nó ina dteanga féin, trí shuíomh gréasáin an fheachtais.

Beidh eolas maidir leis na scéalta is spreagúla le fáil inár nuachtlitir mhíosúil agus beidh siad á lua ar ár gcainéil meán sóisialta, rud a sholáthróidh breis infheictheachta duitse agus do d'eagraíocht.

## Déan teagmháil linn

Táimid sásta cabhrú leat le haon cheist a d'fhéadfadh a bheith agat maidir le do ghníomhaíochtaí meán sóisialta.

**Ríomhphost:** info@vocationalskillsweek.eu

**Teileafón:** +44 (0)207 444 4264

**Twitter:** @EU_social, @EuropeanYouthEU, #EUVocationalSkills, #DiscoverYourTalent

**Facebook:** @socialeurope, @EuropeanYouthEU